SEN Early Years Inclusion Service

Ag Toiseacht ar Scoil

Treoir do Thuismitheoirí

An tSeirbhís Ionchuimsitheachta do Pháistí sna Luathbhlianta a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Thig imní teacht ar pháistí agus ar thuismitheoirí araon agus páistí ag toiseacht ar an scoil.

Ach ullmhú go maith, is féidir le do pháiste aistriú ón Naíscoil go dtí an Bhunscoil go deas réidh.

Is cuid normálta i bhforbairt do pháiste í foghlaim le déileáil le hathrú.

Do pháiste a ullmhú: Leideanna

- Bí ag súgradh le do pháiste ar feadh 10 mbomaite gach lá; agus lig do do pháiste an cluiche a roghnú a oiread agus is féidir. Cuideoidh sin le do pháiste scileanna tábhachtacha a fhorbairt, amhail sealaíocht a dhéanamh, éisteacht agus rudaí a roinnt.

- Bí ag léamh do do pháiste go minic. Cuideoidh sin le scileanna éisteachta a fhorbairt.

- Lig do do pháiste dul i dtaithí ar leabhair a láimhseáil. Mar shampla, lig dó na leathanaigh a thiontú agus iad a chur ar shiúl.

- Abair ranna le do pháiste agus spreag rannpháirteachas.

- Lig do do pháiste dul i dtaithí ar ábhair éagsúla a láimhseáil, amhail péint, criáin agus marla.

- Labhair le do pháiste faoin scoil nua le linn an tsamhraidh; inis dó faoi aon taithí dhearfach a bhí agat féin ar scoil, nó ag deartháireacha agus deirfiúracha níos sine.

- Tabhair deiseanna do do pháiste a bheith ag súgradh le páistí eile agus a chuid bréagán agus spáis a roinnt.

- Tabhair deiseanna do do pháiste dul i dtaithí ar bheith scartha uait.

- Lig do do pháiste dul i dtaithí ar a chóta agus ar a bhróga a chur air agus a bhaint.

- Lig dó scileanna féinchuidithe a chleachtadh, amhail an leithreas a úsáid, a lámha a ní agus a thriomú, agus ciarsúr a úsáid.

An tSeirbhís Ionchuimsitheachta do Pháistí sna Luathbhlianta a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Cuairt ar an Scoil

- Is gnách go socróidh an scoil nua deiseanna le cuairt a thabhairt uirthi roimh thoiseacht. Is cuid thábhachtach den phróiseas aistrithe sin. I roinnt cásanna, is gá níos mó ná cuairt amháin le páiste a chur ar a shuaimhneas maidir leis an scoil úr; déan socrúcháin le múinteoir úr do pháiste más gá.

- Taispeáin do do pháiste an áit a mbeidh sé ag súgradh, an áit a bhfuil na leithris, an áit a gcuirfidh sé a chóta, an áit a nífidh sé a lámha, an áit a mbeidh sé ag ithe agus an áit a mbuailfidh tú leis ag deireadh an lae scoile.

- Tabhair seans dó/di bualadh leis an mhúinteoir agus le daoine fásta ar bith eile a bheidh ag obair sa tseomra ranga.

- Cuir an scoil ar an eolas faoi na rudaí is maith le do pháiste agus faoi na rudaí nach maith leis, cuir i gcás, na bréagáin ar maith leis súgradh leo, an bia is maith leis a ithe agus aon rud a chuireann isteach air.

- Tá sé tábhachtach go gcuirfidh tú an scoil ar an eolas faoi aon riachtanais speisialta atá ag do pháiste maidir le foghlaim, sláinte agus bia. Má tá aon imní ort maidir le do pháiste toiseacht ar an scoil, cuir múinteoir nua do pháiste ar an eolas: tá cumarsáid mhaith leis an scoil iontach tábhachtach.

An tSeirbhís Ionchuimsitheachta do Pháistí sna Luathbhlianta a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

An Chéad Lá

- Sa chéad cúpla lá, is dóigh nach mbeidh do pháiste ar scoil ach ar feadh tamaillín; ligfidh sin dó socrú i dtimpeallacht nua.

- Is fearr a bheith ann go moch. Cuir gnáthamh ar bun ar an scoil a bhaint amach. Mar shampla, an cóta a bhaint, é a chrochadh, dul isteach sa tseomra ranga, heileo a rá leis an mhúinteoir roimh dhul chuig an láthair shúgartha.

- Más cosúil go bhfuil beagán imní ar do pháiste, iarr ar an mhúinteoir cead a thabhairt do do pháiste bréagán beag amháin ón bhaile a thabhairt isteach ar feadh cúpla lá: seans go gcuideoidh sin le do pháiste mothú níos compordaí sa tseomra ranga úr.

Bí in am le do pháiste a bhailiú i gcónaí

Agus cuimhnigh ...

- Ná cuir barraíocht ceisteanna faoin scoil ar do pháiste; in amanna beidh tuirse air ar an teach a bhaint amach. Inseoidh sé duit faoin lá scoile agus é níos socraithe. Mar shampla, nuair a bheidh sibh ag súgradh le chéile.

- Cuir gnáthamh ama luí ar bun go mbeidh oíche mhaith chodlata ag do pháiste. Mar shampla, suipéar, folcadh, scéal, leaba. Cuir as an teilifís agus aon chluichí ríomhaire uair an chloig roimh am luí; cuideoidh sin le do pháiste socrú roimh dhul a chodladh.

First Day of School

By Wendy Silva

I wonder what you're doing right now
and if everyone is treating you kind.
I hope there is a special person,
a nice friend that you can find.

I wonder if the teacher knows just
how special you are to me.
And if the brightness of your heart
is something she can see.

I wonder if you are thinking about
me and if you need a hug.
I already miss the sound of your voice
and how you give my leg a tug.

I wonder if you could possibly understand
how hard it is for me to let you grow.
On this day now that my heart breaks,
for this is the first step in letting my baby go.

An tSeirbhís Ionchuimsitheachta do Pháistí sna Luathbhlianta a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu